C/2024/2348

27.3.2024

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

den 22 Márta 2024

lena leasaítear Cinneadh 2011/C 135/03 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann lena infheidhmeacht, le cúraimí an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Chórais Chliste Iompair agus le trédhearcacht a chuid oibríochtaí

(C/2024/2348)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair ([1]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh ón gCoimisiún 2011/C 135/03, bunaíodh an Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair (CCInna) ([2]). Beidh feidhm ag an gCinneadh sin go dtí an 27 Lúnasa 2017. Toisc nach sonraítear aon teorainn ama i dTreoir 2010/40/AE i dtaca leis an nGrúpa Comhairleach, is gá an teorainn sin a bhaint agus níl sé iomchuí teorainn ama a shonrú leis.

(2) Bunaítear le Cinneadh C(2016) 3301 final ([3]) ón gCoimisiún rialacha cothrománacha maidir le grúpaí saineolaithe an Choimisiúin a chruthú agus a oibriú, lena n-áirítear teimpléad le haghaidh cinntí i ndáil le grúpaí saineolaithe a bhunú. Dá réir sin, ba cheart Cinneadh 2011/C 135/03 a bheith i gcomhréir le Cinneadh C(2016) 3301 final.

(3) Le hAirteagal 4a(1) de Threoir 2010/40/AE, arna leasú ag Treoir (AE) 2023/2661 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach CCInna agus le páirtithe leasmhara ábhartha sula nglacfaidh sé gníomh cur chun feidhme lena bunaítear clár oibre. Dá réir sin, is iomchuí cúram nua a leagan amach do Ghrúpa Comhairleach Eorpach CCInna i gCinneadh 2011/C 135/03.

(4) Dá bhrí sin, is gá Cinneadh 2011/C 135/03 a leasú d'fhonn an cúraim nua sin a áireamh, chun a áirithiú go gcomhlíonann sé ceanglais Chinneadh C(2016) 3301 agus an teorainn ama lena infheidhmeacht a bhaint,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Leasaítear Cinneadh 2011/C 135/03 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) malartú taithí agus dea-chleachtais a thabhairt i gcrích maidir le cur chun úsáide agus oibriú CCInna;';

(b) cuirtear an pointe (d) seo a leanas leis:

([1]) IO L 207, 6.8.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/40/oj.
([2]) Cinneadh 2011/C 135/03 ón gCoimisiún, an 4 Bealtaine 2011 maidir leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um CCInna a bhunú (IO C 135, 5.5.2011, lch. 3).
([3]) Cinneadh C(2016) 3301 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le grúpaí saineolaithe an Choimisiúin a chruthú agus a oibriú.
([4]) Treoir (AE) 2023/2661 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L 2023/2661, 30.11.2023, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2661/oj).

‘(d) cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus é ag dréachtú na gclár oibre a ghlacfaidh an Coimisiún i gcomhréir le Treoir 2010/40/AE.’;

(2) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:

‘Foilseofar an glao ar iarratais sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d’eintitis eile den saghas céanna. Sa ghlao ar iarratais, leagfar amach go soiléir na critéir roghnúcháin lena n-áirítear an saineolas is gá i ndáil leis an obair atá le déanamh. Is é 4 seachtaine an sprioc-am is giorra le haghaidh iarratas.

Is gá do dhaoine aonair arb ionadaithe leasa choitinn iad agus d’eagraíochtaí clárú sa Chlár Trédhearcachta sula gceapfar iad.’;

(b) scriostar míreanna 7 agus 8;

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Is in áitreabh de chuid an Choimisiúin nó go fíorúil, de réir mar is gá, a thionólfar cruinnithe an ghrúpa. Soláthróidh an Coimisiún seirbhísí rúnaíochta. Féadfaidh oifigigh eile an Choimisiúin a bhfuil leas acu sna himeachtaí freastal ar chruinnithe an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh CCInna agus a bhfoghrúpaí.’;

(b) cuirtear an mhír 8 seo a leanas leis:

‘8. A mhéid is féidir, is de chomhthoil a ghlacfaidh an grúpa a thuairimí, a mholtaí nó a thuarascálacha. I gcás vóta, is trí thromlach simplí de na comhaltaí a chinnfear toradh na vótála. Na comhaltaí a chaith vóta freasúra nó a staon ó vótáil, beidh sé de cheart acu doiciméad ina ndéanfar achoimre ar na cúiseanna lena seasamh a bheith i gceangal leis na tuairimí, na moltaí nó na tuarascálacha.’;

(4) cuirtear isteach na hAirteagail 5a agus 5b seo a leanas:

‘*Airteagal 5a*

An rúndacht ghairmiúil agus faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil

Comhaltaí an ghrúpa agus a bhfoghrúpaí, chomh maith le saineolaithe agus breathnóirí a bhfuil cuireadh faighte acu, tá siad faoi réir na hoibleagáide maidir le rúndacht ghairmiúil, oibleagáid a bhfuil feidhm aici maidir le gach comhalta de na hinstitiúidí agus lena bhfoireann, de bhua na gConarthaí agus na rialacha lena gcuirtear chun feidhme iad, chomh maith le rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil a bhaineann le cosaint fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais, a leagtar síos i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443 agus (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún (*) (**). Mura n-urramóidh siad na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Coimisiún gach beart is iomchuí a ghlacadh.

Airteagal 5b

Trédhearcacht

1. Clárófar an grúpa agus na foghrúpaí ar Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d’eintitis eile den saghas céanna (“an Clár de Ghrúpaí Saineolaithe”).

2. Maidir le comhdhéanamh an ghrúpa agus na bhfoghrúpaí, foilseofar na sonraí seo a leanas sa Chlár de ghrúpaí saineolaithe:

(a) ainmneacha na ndaoine aonair a cheapfar i gcáil phearsanta;

(b) ainmneacha na ndaoine aonair a cheapfar arb ionadaithe leasa choitinn iad; nochtfar an leas a bhfuiltear ag déanamh ionadaíochta air;

(c) ainmneacha na n-eagraíochtaí is comhalta; nochtfar an leas a bhfuiltear ag déanamh ionadaíochta air;

(d) ainmneacha na n-eintiteas poiblí eile;

(e) ainmneacha na mbreathnóirí.

3. Cuirfear gach doiciméad ábhartha, lena n-áirítear na cláir oibre, na miontuairiscí agus aighneachtaí na rannpháirtithe ar fáil ar an gClár de ghrúpaí saineolaithe nó trí nasc ón gClár chuig suíomh gréasáin tiomanta, inar féidir an fhaisnéis sin a fháil. Ní bheidh rochtain ar shuíomhanna gréasáin tiomanta coinníollach ar chlárú úsáideoirí ná ar aon srian eile. Go sonrach, foilseofar an clár oibre agus doiciméid chúlra ábhartha eile in am trátha roimh an gcruinniú, agus foilseofar na miontuairiscí go tráthúil ina dhiaidh. Ní fhéadfar eisceachtaí ó fhoilsiú a dhéanamh ach i gcás ina meastar go ndéanfadh nochtadh doiciméid dochar do chosaint leasa phoiblí nó phríobháidigh mar a shainítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***).

_____

(*) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41, ELI http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj).

(**) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj).

(***) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).';

(5) Scriostar Airteagal 7.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún